

**TREOIRLÍNTE DO CHOMHALTAÍ DE DHÁIL  
ÉIREANN NACH SEALBHÓIRÍ OIFIGE MAIDIR LEIS  
NA BEARTA ATÁ LE DÉANAMH ACU LENA  
CHINNTIÚ GO gCOMHLÍONTAR FORÁLACHA NA  
nACHTANNA UM EITIC IN OIFIGÍ POIBLÍ, 1995  
AGUS 2001**

Arna fhoilsiú ag an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann

Eanáir 2017

**Treoir do chomhaltaí (nach sealbhóirí oifige) don tréimhse chlárúcháin ón 1 Eanáir 2016 go dtí an 31 Nollaig 2016**



## Clár an Ábhair

|   |    |
|---|----|
| Forléargas ar na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001          | 5  |
| Réamhrá leis na Treoirlínte   | 7  |
| Treoirlínte do Chomhaltaí: nach Sealbhóirí Oifige                             | 9  |
| Nós imeachta maidir le Leasanna a Chlárú                                      | 10 |
| Leasanna Inchláraithe   | 11 |
| 1. Slite beatha   | 11 |
| 2. Scaireanna   | 12 |
| 3. Stiúrtóireachtaí   | 13 |
| 4. Talamh   | 13 |
| 5. Bronntanais  | 15 |
| 6. Maoin agus seirbhís  | 15 |
| 7. Saoráidí taistil   | 16 |
| 8. Post lena ngabhann luach saothair  | 18 |
| 9. Conarthaí  | 18 |
| 10. Treoir ghinearálta  | 18 |
| Dearbhú Leasanna in Imeachtaí   | 19 |
| Gníomhartha sonraithe   | 20 |
| Deimhnithe Imréitigh Cánach agus Dearbhuithe Reachtúla chun críocha Toghcháin | 22 |
| Foscúbhinn 1 – Mínithe  | 23 |
| Foscúbhinn 2 – Cód Iompair  | 27 |



## **Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001**

(Acht Uimhir 22 de 1995 agus Acht Uimhir 31 de 2001)

Déanann na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (“na hAchtanna um Eitic”) socrú le haghaidh nochtadh na leasanna atá ag sealbhóirí oifigí poiblí áirithe, lena n-áirítear comhaltaí de Thithe an Oireachtais, agus stiúrthóirí ainmnithe ar chomhlachtaí poiblí áirithe agus ag daoine atá fostaithe i bpoist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí áirithe. Déileáilann na hAchtanna um Eitic freisin, *inter alia*, le brontanais do shealbhóirí oifigí poiblí áirithe agus le ceapacháin phearsanta a dhéanann siad. Leis na hAchtanna um Eitic bunaíodh Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí neamhspleách agus Roghchoiste um Leasanna Comhaltaí i ngach Teach den Oireachtas.

Is é an ról atá ag an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann (an Coiste) treoracha a fhoilsiú, Cód Iompair a Tharraingt Suas chun Treoir a thabhairt do Chomhaltaí nach sealbhóirí oifige, comhairle a chur ar fáil lena chinntiú go gcomhlíontar na hAchtanna um Eitic agus imscrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt i ndáil le sárúithe a d’fhéadfaidh a bheith déanta ar na hAchtanna um Eitic.

Leis An Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (“Acht 2001”) tugadh isteach réimse nua gearán a d’fhéadfaí a dhéanamh maidir le comhaltaí. Féadfaidh comhalta nó aon duine eile gearán den sórt sin a dhéanamh, i leith comhalta de Dháil Éireann nó duine bainteach, lena líomhnaítear go mb’fhéidir go ndearna an comhalta sin gníomh nó neamhghníomh, ar gníomh nó neamhghníomh é de chineál, nó, maidir le himthosca an chéanna, gur imthosca iad de chineál, a bheidh ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige ag comhalta nó le muinín an phobail i gcoitinne sa chomhlíonadh sin a choinneáil, agus gur ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis. Baineann feidhmeanna seo an Choiste leis na comhaltaí sin de Dháil Éireann nach sealbhóirí oifigí poiblí áirithe.

Tá feidhmeanna dá samhail ag an Roghchoiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann i ndáil le comhaltaí den Seanad (nach sealbhóirí oifigí poiblí áirithe) agus tá feidhmeanna dá samhail ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí i ndáil le sealbhóirí oifigí poiblí áirithe, le comhairleoirí speisialta agus le stiúrthóirí ainmnithe agus daoine fostaithe ainmnithe i bpoist ainmnithe i gcomhlachtaí poiblí áirithe.



## Réamhrá leis na Treoirlínte

Rinne an Coimisiún na treoirlínte do chomhaltaí seo a tharraingt suas tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus leis an Roghchoiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann, mar a cheanglaítear le halt 12 den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (arna leasú) (“Acht 1995”). Baineann na treoirlínte seo go sonrach le comhaltaí de Dháil Éireann nach sealbhóirí oifigí. D’fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirlínte ar leith do chomhaltaí is sealbhóirí oifige, comhairleoirí speisialta, stiúrthóirí ainmnithe agus daoine fostaithe i gcomhaltaí poiblí áirithe.

Cuireann na treoirlínte faisnéis ar fáil maidir leis na bearta is gá do chomhaltaí a dhéanamh chun ceanglais na nAchtanna um Eitic a chomhlíonadh.

Foráiltear le halt 12(4) d’Acht 1995 nach foláir do chomhaltaí gníomhú de réir na dtreoirlínte agus de réir aon chomhairle a thabharfaidh an Coiste faoin alt sin mura rud é, de bharr é nó í do dhéanamh amhlaidh, go mbeadh sárú déanta aige nó aici ar fhoráil eile de na hAchtanna um Eitic. Más rud é, dar le comhalta, go mbaineann doiléire le haon ghné dá chuid dualgas nó dá cuid dualgas faoi na hAchtanna, ba cheart dó nó di comhairle a lorg ar an gCoiste de bhun alt 12(1)(b).

[Nóta: *Tagann roinnt eochairthéarmaí chun cinn san Acht agus sna treoirlínte. Leagtar iad seo amach le **cló trom** orthu an chéad uair a bhíonn siad le feiceáil in alt téacs agus tugtar míniú ar gach téarma díobh i bhFoscríbhinn 1.*]





## **Treoirlínte do Chomhaltaí: nach Sealbhóirí Oifige**

Cuireadh na treoirlínte seo i dtoll a chéile lena n-úsáid ag comhaltaí de Dháil Éireann *nach* sealbhóirí oifige. Mar a luadh cheana, d’eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí treoirlínte ar leith le haghaidh sealbhóirí oifige. Mar eolas do chomhaltaí, tugtar leis seo thíos liosta sealbhóirí oifige agus, dá réir sin, is cóir d’aon chomhalta ar sealbhóir oifige é nó í na treoirlínte a d’eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí a cheadú agus, i gcás aon fhiosrú, ba cheart dó nó di dul i dteagmháil leis an gcomhlacht sin le haghaidh comhairle.

Sna hAchtanna agus sna Treoirlínte, ciallaíonn “sealbhóir oifige”:

An Taoiseach,

An Tánaiste,

Aon Aire,

Aon Aire Stáit,

Comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann arb é nó í an tArd-Aighne é nó í,

Duine arb é nó í Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann nó Cathaoirleach nó

Leas-Chathaoirleach Sheanad Éireann é nó í,

Duine atá i seilbh oifige mar Chathaoirleach coiste de cheachtar Teach, ar oifig í atá ainmnithe chun críocha an Achta de thuras na huairle le rún ón Teach sin, nó

Duine atá i seilbh oifige mar Chathaoirleach comhchoiste den dá Theach, ar oifig í atá ainmnithe chun críocha an Achta de thuras na huairle le rún ón dá Theach.

## Nós imeachta maidir le Leasanna a Chlárú

Más comhalta de Dháil Éireann thú an 31 Nollaig 2016<sup>1</sup>, ceanglaítear ort ráiteas i scríbhinn maidir le do leasanna incláraithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Chaighdeán in Oifigí Poiblí (“an Coimisiún”) faoin 31 Eanáir 2017, ar fhoirm a sholáthróidh an Coimisiún. Is cóir go gcuimseoidh an ráiteas aon tréimhse nó tréimhsí a raibh tú i do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas lena linn, idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016 - an dá dháta san áireamh. Sna Treoirí seo déantar tagairt don tréimhse seo, dá ngairtear an “tréimhse chuí” sna hAchtanna, mar “an Tréimhse Chlárúcháin”. Ós rud é go raibh olltoghchán ann in 2016, d’fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar na dátaí a mbeidh d’oibleagáid ort clárú ina leith. Leagtar amach sa ghreille ar an bhfoirm a thugann an Coimisiún “*Tionchair an Olltoghcháin ar Thréimhsí Clárúcháin in 2016*”.

Déanfar do ráiteas maidir le leasanna incláraithe a thairfeadh ar chlár arna bhunú ag an gCléireach agus tabharfaidh an Cléireach cóip den chlár don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí agus leagfar é faoi bhráid Dháil Éireann agus foilseofar é san Iris Oifigiúil. Féadfaidh an Cléireach earráidí sa chlár a cheartú agus an clár a leasú mar a fhoráiltear sna hAchtanna.

---

1 Tabharfaidh tú do d’aire ón míniú ar “**dáta clárúcháin**” a thugtar i bhFoscscríbhinn 1 gurb é an 31 Nollaig an dáta seo i gcónaí mura rud é go mbeidh an Dáil, ar an dáta sin, arna díscáileadh d’fhonn olltoghchán a dhéanamh. I gcás go mbeidh an Dáil arna díscáileadh an 31 Nollaig, is é an dáta clárúcháin don bhliain sin 30 lá tar éis dháta an chéad chruinnithe eile de Dháil Éireann. Is cóir duit a thabhairt do d’aire gurb é an 31 Nollaig an dáta clárúcháin arís an bhliain dár gcionn.

## Leasanna Inchláráithe

Sna hailt seo a leanas sonraítear na leasanna inchláráithe nach foláir duit mar chomhalta a nochtadh i do ráiteas bliantúil. Ba cheart a thabhairt do d'aire *nach* gá a shonrú in aon ráiteas maidir le leasanna inchláráithe *méid ná luach airgid* aon leasa nó an luach saothair ó aon trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha nó slí bheatha eile a áirítear sa ráiteas. Ba cheart a thabhairt do d'aire, seachas nuair a dhéantar tagairt go sonracha sa chuid seo (i.e. i ndáil le bronntanais, maoin agus seirbhísí agus saoráidí taistil, etc.) go bhfuil leas inchláráithe/in-nochta is cuma cé acu a d'fhéadfadh sé nó nach bhféadfadh sé tionchar ábhartha a imirt ar chomhalta i gcomhlíonadh a fheidhmeanna parlaiminte nó a feidhmeanna parlaiminte.

### 1. Slite beatha, etc.

Trádáil, gairm, fostaíocht, gairm bheatha nó slí bheatha eile a shealbhaíonn tú, a dtugtar luach saothair ina leith (seachas comhalta, sealbhóir oifige nó slí bheatha a bhfuil feidhm ag Cuid IV den Acht maidir léi: eadhon Ard-Aighne, comhairleoir speisialta, sealbhóir stiúthóireachta ainmnithe nó duine a raibh post ainmnithe sa státseirbhís nó san earnáil leath-Stáit aige nó aici) agus ar mó ná €2,600 an luach saothair, e.g. pá, pinsean, aiscí scoir, sochair chomhchineáil, ioncam cíosa (lena n-áirítear ioncam cíosa ó thithe saoire nó aon mhaoin eile), íocaíochtaí téarfa, etc. a fhaightear uaidh nó uaithi le linn na tréimhse clárúcháin. Nóta: Ní gá go raibh an comhalta i seilbh an róil agus/nó go ndearna sé nó sí an obair iomchuí le linn na tréimhse clárúcháin. Is é an tráth a fuarthas an luach saothair/an t-ioncam/an íocaíocht an toisc is tábhachtaí sa scéal.

Figiúr comhlán is ea an figiúr tairisí €2,600. Déantar luach saothair/íocaíocht/ioncam etc. ón trádáil, ón ngairm, ón bhfostaíocht chéanna etc. a charnadh thar an tréimhse chlárúcháin.

I gcás go bhfaightear ioncam ó thalamh/maoin (lena n-áirítear aon teach/árasán) a shealbhaítear i gcomhpháirt le duine eile is fútsa a bheidh sé a chinneadh cé acu a sháraigh do sciar den ioncam sin €2,600 le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann nó nár sháraigh.

Má fhaigheann tú ioncam trí “teach príobháideach”<sup>2</sup> mar a mhínítear é faoin teideal “Talamh” thíos a ligean ar cíós, ba cheart slí bheatha mar Thiarna Talún nó Léasóir a dhearbhu más mó ná €2,600 an t-ioncam seo le linn na tréimhse clárúcháin. Dá bhrí sin, mar shampla, má ligean tú do theach saoire ar cíós, níl an teach saoire, más “teach príobháideach” é de réir bhrí Acht 1995 (féach an t-alt maidir le Talamh thíos), inchláráithe ach is inchláráithe aon ioncam cíosa faoin teideal seo nuair is mó an méid ná an tairseach. Ar an gcaoi chéanna, má tá an dara maoin agat atá á háitiú go páirteach ag leanbh de do chuid, agus ar cíós go páirteach, féadfar fós an mhaoin a aicmiú mar ‘teach príobháideach’ chun críocha na reachtaíochta ach tiocfaidh an tSlí Bheatha mar Thiarna Talún nó Léasóir chun bheith inchláráithe nuair is mó an t-ioncam ná an tairseach. Tabhairt do d'aire nach gá duit seoladh iomlán na maoin a chur ar fáil i gcás teach príobháideach.

Maidir le gnáth-theidlíochtaí pinsean a fabhraíodh agus nach raibh iníochta le linn na

---

<sup>2</sup> De réir bhrí alt 1(4) den Dara Sceideal d'Acht 1995

tréimhse clárúcháin, ní bheidh siad ináirithe chun luach saothair a ríomh.

Fágann ioncam is mó ná €2,600 sa tréimhse chlárúcháin lena mbaineann go bhfuil an trádáil, an ghairm, an fhostaíocht, an ghairm bheatha nó an tslí bheatha eile incláraithe fiú mura tú féin a dhéanann an gnó lena mbaineann an leas sin.

Tabhair do d'aire, le do thoil, nach gceanglaítear ort in aon chás méid an ioncaim/an luacha saothair a fuarthas a shonrú. Is é an rud nach mór a dhéanamh ná an tslí bheatha a chlárú.

## 2. Scaireanna, etc.

Más rud é, aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann, go raibh agat sealbhán scaireanna, bannaí (lena n-áirítear bannaí rialtais), bintiúr nó infheistíochtaí eile dá samhail, cibé acu infheistíochtaí intíre nó infheistíochtaí coigríche, lena ngabhann margadhluach comhiomlán *is mó ná* €13,000, i leith aon **chuideachta**, fiontar nó gnóthas amháin, ceanglaítear ort an sealbhán sin a nochtadh. Dá réir sin, mar shampla, má shealbhaíonn comhalta luach €12,000 i gcuideachta amháin agus luach €11,000 i gcuideachta eile, níl aon oibleagáid ar an gcomhalta ceachtar sealbhán a nochtadh ainneoin gur mó ná €13,000 comhluch an dá shealbhan.

Is é glanluach na cuideachta an figiúr iomchuí i ndáil le luach scairshealbháin i gcuideachta phríobháideach theoranta. Féadfar glanluach na cuideachta a ríomh trí ghlandliteanais na cuideachta a bhaint ó ghlansócmhainní na cuideachta. Más rud é, aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin, go mba mhó ná €13,000 do scair<sup>3</sup> de ghlanluach na cuideachta, ba cheart duit do leas a chlárú. Más rud é nach bhfuil tú cinnte cé acu is cóir duit an scairshealbhán agat a chlárú, ba cheart duit comhairle a lorg ar an gCoiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann. Má thagann aon saincheist chun cinn maidir le cibé acu a bhí scairshealbhán incláraithe, féadfaidh an Coiste, *inter alia*, dul i muinín figiúirí a chuir an chuideachta faoi bhráid aon ghníomhaireacht stáit (e.g. an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó na Coimisinéirí Ioncaim), i gcás go mbíonn fáil ar fhiigiúirí den sórt sin.

Is é margadhluach na scaireanna le linn na tréimhse clárúcháin an figiúr iomchuí i ndáil le cuideachta phoiblí theoranta.

Ní fholaíonn sealbhán airgead atá i gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó i gcuntas eile dá samhail, lena n-áirítear cuntas CSDC bunaithe ar thaiscí le foras airgeadais ach folaíonn sé sealbhán in iontaobhais aonad, cistí bainistithe nó cuntais CSDC bunaithe ar chothromas.

Maidir le sealbhán in iontaobhas aonad nó i gciste bainistithe, más rud é, tráth ar bith le linn na tréimhse clárúcháin, gur mó ná €13,000 luach na hinfeistíochta foriomláine comhiomláine, ní foláir a nochtadh gurb ann don sealbhán. Ní gá miondealú a thabhairt ar infheistíochtaí aonair laistigh den sealbhán san iontaobhas aonad nó sa chiste bainistithe.

Ní nithe incláraithe iad scaireanna, bannaí (lena n-áirítear bannaí rialtais), bintiúir nó

---

<sup>3</sup> Is féidir sciar a shainmhíniú mar do chuidse céatadáin den sciarshealbhán.

infheistíochtaí eile dá samhail, cibé acu intíre nó coigríche, atá i do sheilbh féin amháin i gcáil mar sheiceadóir Uachta. Más rud é, áfach, chomh maith le bheith i do sheiceadóir, gur tú tairbhí na scaireanna, na mbannaí (lena n-áirítear bannaí rialtais), na mbintiúr nó na n-infheistíochtaí eile dá samhail, beidh an leas seo incláraithe más mó ná €13,000 a luach aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann agus más rud é gur aistríodh chugat na scaireanna nó má tá sé de cheart agat, mar sheiceadóir, úinéireacht na scaireanna sin a aistriú chugat féin.

Maidir le haon infheistíocht is mó ná luach €13,000 agus a shealbhaítear i gcuideachta is ábhar do Scéim um Leathnú Gnó, is leas incláraithe í. Is cóir luach aon leasa den chineál seo a mheas i gcoinne mhéid na hinfeistíochta bunaidh seachas i gcoinne a luacha a athraíonn go tréimhsiúil.

Ní cheanglaítear nochtadh a dhéanamh ar chiste pinsin a ndéanann tú íocaíochtaí ina leith, nach dtiocfaidh chun aibíochta go dtí go rachaidh tú ar scor agus nach bhfuil aon díbhinní iníochta ina leith.

### 3. Stiúrthóireachtaí.

Is leas incláraithe í stiúrthóireacht aon chuideachta nó stiúrthóireacht fholaitheach aon chuideachta a shealbhaigh tú aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin.

D'fhonn amhras a sheachaint–

- Is cóir duit AON stiúrthóireacht a shealbhaigh tú le linn duit a bheith i do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, aon tráth idir an 1 Eanáir 2016 agus an 31 Nollaig 2016, an dá dháta sin san áireamh, a chur san áireamh i do ráiteas maidir le leasanna incláraithe.
- Áirítear sa mhéid sin aon stiúrthóireacht ar éirigh tú aisti le linn 2016.
- Is le brí leathan is cóir na téarmaí “stiúrthóireacht” agus “stiúrthóireacht fholaitheach” a léirmhíniú. Maidir leis seo, is cóir na mínithe ar “**stiúrthóireacht**” agus “**stiúrthóireacht fholaitheach**” atá ar fáil ag deireadh na dTreoirí seo a cheadú.
- Mínítear “cuideachta” sa reachtaíocht mar “comhlacht corpraithe” agus is cóir léirmhíniú chomh leathan agus is féidir a thabhairt ar an gcoincheap seo, i.e. cuideachta chláraithe nó neamhchláraithe, údarás áitiúil, comhlacht poiblí, comhlacht arna bhunú le cairt nó aon chomhlacht eile atá ar marthain agus ag a bhfuil cearta agus dualgais ar leithligh ó na daoine aonair a chomhdhéanann an grúpa, cibé acu is comhlacht corpraithe intíre nó coigríche atá ann.
- Níl sócmhainní atá ar úinéireacht ag Cuideachta incláraithe.

### 4. Talamh.

Sa chuid seo, foláíonn “talamh” maoin agus tagraíonn gach tagairt do thalamh do mhaoín freisin. Ceanglaítear ort nochtadh a dhéanamh ar aon leas (lena n-áirítear leasanna ruilse nó léasacha) atá agat i dtalamh, lena n-áirítear talamh sa Stát agus talamh i ndlínsí eile, *ar mó* a luach ná €13,000 aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann, lena n-áirítear leas in aon chonradh chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil éarlais nó páirt-íocaíocht íochta faoin gconradh. Is cóir, ina

theannta sin, nochtadh a dhéanamh ar aon leas atá agat i rogha chun talamh a cheannach, cibé acu a íocadh nó nár íocadh aon chomaoin (e.g. airgead), mar aon le haon leas atá agat i dtalamh a mbeidh rogha feidhmithe ina leith ach nach bhfuil tíolactha chugat fós.

Is cóir duit nochtadh a dhéanamh ar sheoladh iomlán aon talún nó maoiné ina bhfuil leas agat faoin teideal seo.

I gcás go sealbhaítear i gcomhpháirt le duine eile leas i dtalamh, is fút féin atá sé a chinneadh cé acu ba mhó nó nár mhó ná €13,000 do sciar den leas sin le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann.

Ní leas incláraithe talamh ná maoin atá ar seilbh agat féin amháin i do cháil mar sheiceadóir Uachta. Más rud é, áfach, chomh maith le bheith i do sheiceadóir, gur tú tairbhí na talún nó na maoiné, beidh an leas sin incláraithe más mó ná €13,000 a luach tráth ar bith le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann agus más rud é gur aistriódh chugat an talamh nó an maoiné nó má tá sé de cheart agat, mar sheiceadóir, úinéireacht na talún nó na maoiné sin a aistriú chugat féin.

*Ní* cheanglaítear ort faoin teideal seo nochtadh a dhéanamh ar fhaisnéis maidir le do theach príobháideach agus/nó maidir le teach do chéile nó do pháirtí sibhialta agus maidir le haon talamh atá foghabhálach agus coimhdeach leis an teach sin nach bhfuil á úsáid nó á fhorbairt go príomha chun críocha tráchtála. Faoi Acht 1995, ciallaíonn an méid seo nach gá clárú a dhéanamh ar fhoirgneamh nó ar chuid d'fhoirgneamh atá ar áitiú agat, ag do chéile, ag do pháirtí sibhialta, ag leanbh de do chuid nó ag leanbh de chuid do chéile, mar go meastar gurb é do theach príobháideach atá ann. Má tá níos mó ná teach amháin ar úinéireacht agat, is cóir duit clárú a dhéanamh ar aon teach nach bhfuil ar áitiú agat, ag do chéile, ag do pháirtí sibhialta, ag leanbh de do chuid nó ag leanbh de chuid do chéile.

Níl tithé saoire (faoi réir na teorach thíos) incláraithe i gcás maoiné den sórt sin a bheith ar áitiú agat féin, ag do chéile, ag do pháirtí sibhialta, ag leanbh de do chuid nó ag leanbh de chuid do chéile. Ní gá, ar an gcaoi chéanna, clárú a dhéanamh ar aon talamh atá coimhdeach le teach príobháideach (lena n-áirítear teach saoire cáilitheach). Más rud é, áfach, go bhfuil talamh atá coimhdeach le teach príobháideach in úsáid chun críocha tráchtála, tagann talamh den sórt sin chun bheith incláraithe. De bhreis air sin, fágann aon ioncam ón maoiné, i gcás gur mó an t-ioncam sin ná táirseach comhlán €2,600, nach foláir an tslí bheatha a chlárú. Ba cheart do chomhaltaí a thabhairt dá n-aire, mar sin, cé nach bhfuil tithé príobháideacha, tithé saoire, dara maoiné etc., atá ar áitiú (mar a fhoráiltear thuas), incláraithe faoin teideal “Talamh”, fágann aon ioncam cíosa ó áitiú ar mó é ná méid comhlán €2,600, ar bhonn carnach, ó maoiné aonair le linn na tréimhse clárúcháin, go mbeidh an tslí bheatha Thiarna Talún nó Léasóir incláraithe faoin teideal “Slite Beatha” etc.

Dá bhrí sin, mar shampla: má ligeann tú amach ar cíosa talamh atá ag gabháil le do theach príobháideach nó do theach saoire, ní foláir don talamh seo a bheith cláraithe i gcás go n-úsáidtear é go príomha chun críocha tráchtála. Ina theannta sin, más mó an t-ioncam cíosa ná €2,600, ní foláir an tslí bheatha de dhroim an chíosa (i.e. mar Thiarna Talún nó Léasóir) a chlárú faoin teideal “Slite Beatha” etc.

Ní gá duit talamh atá ar úinéireacht ag cuideachta a bhfuil baint agat léi mar stiúrthóir nó scairshealbhóir a chlárú.

## 5. Bronntanais.

Ceanglaítear ort nochtadh a dhéanamh ar **bhronntanas**, nó ar bhronntanais ón duine céanna, a tugadh duit le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann i gcás gur mhó ná €650 a **luach**, nó a luach comhiomlán faoi seach.

Chun críocha leasanna a nochtadh, *ní fholaíonn* “bronntanas” –

- (a) síntiús mar a mhínítear é san Acht Toghcháin, 1997 (arna leasú);
- (b) bronntanas a tugadh duit ar chúiseanna pearsanta amháin, ag gaol nó páirtí sibhialta nó cara de do chuid, ag gaol nó cara do chuid do chéile nó do pháirtí shibhialta, ag gaol nó páirtí sibhialta nó cara de chuid do linbh (is é sin mac nó iníon d’aois ar bith) nó ag gaol nó páirtí sibhialta nó cara de chuid leanbh do chéile nó mura rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a bheith aige ort i gcomhlíonadh d’fheidhmeanna mar chomhalta;
- (c) Aon liúntais pholaitiúla a íoctar faoi reachtaíocht.

Tá bronntanais a thabharfaidh do pháirtí polaitiúil duit incláraithe i gcás go mbíonn siad de bhreis ar na gnáthsheirbhísí agus na tacaíochtaí a sholáthraíonn an páirtí de ghnáth do chomhaltaí.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le cad is síntiús ann ba cheart do chomhaltaí an doiciméad a d’eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP) dar teideal “*Treoirlínte do Theachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa*” maidir le síntiúis agus síntiúis thoirmisceithe” a cheadú. Ina theannta sin, ba cheart do chomhaltaí na hAchtanna Toghcháin, 1992 – 2016 a cheadú lena rialaítear síntiúis agus na hoibleagáidí maidir le nochtadh ar leith a eascraíonn faoin reachtaíocht sin. Féadfaidh comhalta comhairle a lorg freisin ar CCOP maidir le síntiúis. Déantar na saincheisteanna a bhaineann le saoráidí taistil, le síntiúis agus le glacadh saorthaistil a bhreithniú tuilleadh in alt 7 de na treoirlínte seo.

## 6. Maoin agus Seirbhís.

Ceanglaítear ort nochtadh a dhéanamh ar **mhaoin** arna soláthar duit nó **arna tabhairt ar iasacht duit**, nó ar sheirbhís arna soláthar duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, ag an duine céanna le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann, i gcás gur lú de bhreis agus €650 an praghas (nó na praghsanna) ná an **chomaoin tráchtála (nó na comaoineacha tráchtála)**. Folaíonn sé seo maoin arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar saor in aisce i gcás gur mhó ná €650 an chomaoin tráchtála nó an praghas. Mar shampla, maidir le seomra in óstán nó i dteach ósta a sholáthraítear duit chun clinic a reáchtáil, ní foláir é a nochtadh más rud é go mbeadh ar ghnáthdhuine den phobal ar a laghad €650 níos mó a íoc ar an tsaoráid chéanna (le linn na tréimhse clárúcháin) ná mar a bheadh ortsa a íoc.

Chun críocha leasanna a chlárú, *ní fholaíonn* “*Maoin agus Seirbhís*” maoin arna soláthar duit nó arna tabhairt ar iasacht duit nó seirbhís arna soláthar duit:

- (a) mar bhronntanas *chun críocha pearsanta amháin* ag gaol nó páirtí sibhialta nó cara leat, nó ag gaol nó cara de chuid do chéile nó do pháirtí shibhialta, nó ag gaol

nó páirtí sibhialta nó cara de chuid do linbh nó de chuid leanbh do chéile *ach amháin* más rud é go bhféadfadh glacadh an bhronntanais tionchar ábhartha a imirt ort i gcomhlíonadh d'fheidhmeanna mar chomhalta, nó

(b) agus arna dearbhú agat mar shíntiús de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997 (arna leasú).

D'fhéadfadh maoin nó seirbhís a sholáthraítear nó a thugtar ar iasacht chun críocha polaitiúla a bheith ina síntiús de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997 (arna leasú). Ní gá maoin nó seirbhís den sórt sin, má dhearbhaítear í mar shíntiús, a dhearbhu arís faoi na hAchtanna um Eitic. Ina theannta sin, ba cheart do chomhaltaí na hAchtanna Toghcháin, 1992 – 2016 a cheadú lena rialaítear síntiúis agus na hoibleagáidí maidir le nochtadh ar leith a eascraíonn faoin reachtaíocht sin. Ba cheart do chomhaltaí breathnú freisin ar na “*Treoirlínte do Theachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa*” maidir le síntiúis agus síntiúis thoirmisce a d'eisigh an Coimisiún um Eitic in Oifigí Poiblí. Féadfaidh comhalta freisin comhairle a lorg ar CCOP maidir le saincheist na síntiús.

Maidir le maoin arna soláthar duit nó arna tabhairt ar iasacht duit nó le seirbhís arna soláthar duit ag do pháirtí polaitiúil, tá siad incláraithe má bhíonn siad de bhreis ar na gnáthsheirbhísí agus tacaíochtaí a sholáthraíonn an páirtí do chomhaltaí de ghnáth.

Má bhaineann seirbhísí incláraithe le seirbhísí dlí agus/nó le seirbhísí liachta (lena n-áirítear seirbhísí síciatracha nó síceolaíocha) is leor a rá gur soláthraíodh na seirbhísí agus ní gá sonraí ar bith breise a chlárú.

## 7. **Saoráidí taistil, etc.**

Ní mór saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann saor in aisce nó ar phraghas níos lú ná an praghas tráchtála a nochtadh.

*Ní chuirtear san áireamh saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar duit, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, saor in aisce le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann ag an duine céanna i gcás gur lá ná €650 an praghas tráchtála nó comhiomlán na bpraghsanna tráchtála, nó i gcás nach mó ná €650 an difríocht idir an praghas a íocadh agus an praghas tráchtála.*

Maidir le saoráidí taistil a eascraíonn as fabhrú creidmheasanna ó scéimeanna dílseachta custaiméirí lena bhfuil feidhm i gcoitinne, níl siad incláraithe.

*Ina theannta sin ní chuirtear san áireamh saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear:*

- (i) laistigh den Stát, nó
- (ii) le linn duit agus chun críche d'fheidhmeanna mar chomhalta a fheidhmiú\*, nó

---

\* Áirítear san eisiámh seo saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear do chomhalta le linn taisteal a dhéanfaidh an comhalta, de bhua a phoist/a poist mar chomhalta, atá de chineál daonnúil nó oideachasúil amháin, nó taisteal a dhéanfaidh comhalta mar thoradh ar shaineolas parlaiminteach a bheith á lorg ar an gcomhalta sin.



- (iii) le linn nó chun críche aon trádála, gairme, fostaíochta nó slí bheatha eile (seachas mar chomhalta, mar shealbhóir oifige, mar shealbhóir stiúrthóireachta ainmnithe, mar dhuine atá i seilbh poist ainmnithe nó mar chomhairleoir speisialta), nó
- (iv) i gcás comhalta, ag an Aontas Idir-Pharlaiminteach nó ag aon cheann de na comhlachtaí sonraithe a leanas: Comhairle na hEorpa agus a Coistí, an Eagraíocht um Shlándaíl agus Chomhar san Eoraip, Tionól Aontas Iarthar na hEorpa, Tionól Parlaiminteach na Breataine agus na hÉireann, an Cumann Idir-Pharlaiminteach Thuaidh/Theas, an Chomhdháil Idir-Pharlaiminteach ar an gComhbheartas Eachtrach agus Slándála, an Comhbheartas Slándála agus Cosanta agus/nó ag parlaimintí eile chun críocha cuairteanna déthaobhacha, nó
- (v) mar chomhalta, ag aon eagraíocht stát nó rialtas eile ar comhalta nó comhlacht di an Stát seo nó an Rialtas nó a bhfuil an Stát seo nó an Rialtas i gcomhlachas léi.

Tuilleadh nithe *nach gcuirtear san áireamh* is ea saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna soláthar mar bhronntanas ar *chúiseanna pearsanta amháin* ag gaol nó páirtí sibhialta nó cara de do chuid, nó ag cara nó gaol de chuid do chéile nó do pháirtí sibhialta, nó ag cara nó gaol nó páirtí sibhialta de chuid do linbh nó de chuid chéile do linbh *mura rud é go bhféadfaí a mheas le réasún, maidir le glacadh an bhronntanas sin, go bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith aige ort le linn duit d'fheidhmeanna a chomhlíonadh mar chomhalta.*

Ar leith ón gceanglas atá ann maidir le ráitis a ullmhú agus leasanna incláráithe a chlárú de bhun ailt 5 & 7 de na hAchtanna um Eitic, eascraíonn oibleagáidí tuairiscithe as glacadh le saorthaisteal nó le taisteal urraithe mar a leagtar amach san Acht Toghcháin, 1997, arna leasú (Achtanna 1997). Údar inní don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí is ea na himpleachtaí atá ann faoin reachtaíocht um thoghcháin maidir le Comhaltaí do ghluacadh le saorthaisteal nó le taisteal urraithe. In alt 22(2)(a) d'Acht 1997, mínítear síntiús mar *aon ranníoc arna thabhairt chun críocha polaitíochta*. Is mar seo a leanas a mhínítear críocha polaitíochta, *inter alia*, in alt 22(2)(aa) –

*leasanna tríú páirtí a chur chun chinn, go díreach nó go neamhdhíreach, nó cur ina gcoinne, go díreach nó go neamhdhíreach, i dtaca le réachtáil nó bainistiú fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh áirithe a chur chun cinn nó a sheiftiú i ndáil le beartas nó beartais nó le feidhmeanna de chuid an Rialtais nó aon údarás áitiúil ...*

D'fhéadfadh taisteal agus cóiríocht atá saor in aisce/urraithe teacht faoi bhrí an mhínithe ar síntiús agus tá síntiús den sórt sin faoi réir na ngnáth-thairseach comhiomlánaithe agus tuairiscithe agus na ngnáth-theorainneacha síntiús. €1,000 is ea an síntiús uasta a dtig le Comhalta glacadh leis ó dhuine aonair nó deontóir corpraithe cláráithe in aon bhliain féilire amháin anois agus ní foláir nochtadh a dhéanamh ar gach síntiús is mó ná €600 sa chomhiomlán ar Ráiteas Síntiús bliantúil an Chomhalta. Is cion é ráiteas síntiús bréagach nó míthreorach a sholáthar; is cion é freisin gan an beart cuí a thógáil i ndáil le síntiús is mó ná an teorainn fhorordaithe.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur chóir do chomhaltaí cúram a ghlacadh lena chinntiú nach sáraíonn siad forálacha na nAchtanna Toghcháin maidir le síntiúis a ghlacadh. Is cóir aon fhiosruithe ar an ábhar seo a chur chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

8. **Post lena ngabhann luach saothair.**

Is cóir clárú a dhéanamh ar aon phost lena ngabhann luach saothair a shealbhaíonn tú mar bhrústocaire polaitíochta, mar bhrústocaire gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann.

9. **Conarthaí.**

Ní mór duit clárú a dhéanamh ar leas in aon chonradh/chonarthaí ar pháirtí ann nó iontu thú nó a raibh leas agat ann nó iontu in aon bhealach, go díreach nó go neamhdhíreach, is conradh/conarthaí chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí le linn na tréimhse clárúcháin más rud é gur mhó ná €6,500 luach na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh le linn na tréimhse sin a dúradh.

Tabhair do d'aire gurb í an tástáil is tábhachtaí sa chás seo ná cibé acu ba mhó ná €6,500 luach na n-earraí agus/nó na seirbhísí a soláthraíodh iarbhír trí chonradh amháin (nó níos mó).

10. **Treoir Ghinearálta.**

- Más rud é nach raibh *aon* leasanna incláráithe agat le linn na tréimhse clárúcháin ní mór duit, laistigh den amscála céanna, ráiteas ina leith seo a thabhairt do Chléireach na Dála.
- Má tá leas agat nach leas incláráithe é féadfaidh tú, más mian leat, aon tráth, ráiteas maidir leis an leas a ullmhú agus é a thabhairt don Chléireach. I gcás go dtabharfar ráiteas maidir leis an leas sin, beidh feidhm ag na hAchtanna um Eitic agus beidh éifeacht leo amhail is gur leas incláráithe an leas.
- Má tharlaíonn aon athrú maidir le do chuid leasanna incláráithe féadfaidh tú, más amhlaidh gur mian leat, ráiteas i scríbhinn maidir leis an athrú a thabhairt don Chléireach.
- Más rud é go gcuireann an Coimisiún comhairle ort faoi alt 2 d'Acht 1995 á rá gur leas incláráithe é leas, ní mór duit ráiteas a thabhairt don Chléireach maidir leis an leas sin.
- Má thagann tú chun bheith i do chomhalta i ndiaidh dáta clárúcháin féadfaidh tú, roimh an gcéad dáta clárúcháin eile, ráiteas maidir le do leasanna incláráithe a thabhairt don Chléireach.
- Má thagann tú chun bheith i do shealbhóir oifige i ndiaidh dáta clárúcháin féadfaidh tú, roimh an gcéad dáta clárúcháin eile, ráiteas maidir le do leasanna breise a thabhairt don Chléireach agus tabharfaidh an Cléireach cóip den ráiteas don Taoiseach agus don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí.

### Dearbhú Leasanna in Imeachtaí

De réir alt 7 d'Acht 1995, má bheartaíonn tú labhairt nó vótáil in imeachtaí i nDáil Éireann, i gcoiste de chuid Dháil Éireann nó i gcomhchoiste den dá Theach agus

- (a) má tá **eolas iarbhír** agat go bhfuil leas ábhartha agat nó ag **duine bainteach** in ábhar na n-imeachtaí agus
- (b) más rud é nár dhearbhaigh tú an leas sin faoin ráiteas maidir le leasanna inchláraithe a thug tú don Choimisiún, i gcás go mbeidh an ráiteas sin leagtha faoi bhráid Dháil Éireann,\*

ansin:

- (i) má bheartaíonn tú labhairt, ní foláir duit dearbhú maidir leis an leas a dhéanamh roimh d'óráid nó lena linn, agus
- (ii) má bheartaíonn tú vótáil ach gan labhairt, ní foláir duit an dearbhú a dhéanamh i scríbhinn agus é a thabhairt do Chléireach na Dála nó do Chléireach an choiste lena mbaineann, mar is cuí, roimh vótáil.

Is cóir a thabhairt do d'aire, chun críche an cheanglais seo amháin, go bhfuil leas ábhartha agat nó ag duine bainteach in ábhar na n-imeachtaí más rud é go bhféadfaidh sé gurbh é toradh nó éifeacht aon chinnidh ón Teach nó ón gcoiste nó ón gcomhchoiste lena mbaineann, nó ón Rialtas nó ó shealbhóir oifige, maidir leis an ábhar ná go dtabharfaí **tairbhe** shuntasach duit, nó do dhuine bainteach nó go gcoimeádfaí **tairbhe** shuntasach siar uait nó ó dhuine bainteach nó go bhforchuirfí ort féin nó ar dhuine bainteach cailteanas suntasach, dliteanas suntasach, éiric shuntasach, forghéilleadh suntasach, pionós suntasach nó míbhuntáiste eile, gan í a thabhairt freisin, nó gan í a choimeád siar freisin nó gan iad a fhorchur freisin, do dhaoine i gcoitinne nó uathu nó orthu nó d'aicme daoine nó ó aicme daoine nó ar aicme daoine atá sách líonmhar ag féachaint do na himthosca go léir agus ar duine den aicme sin tú féin nó duine bainteach.

I gcás go mbeartaítear comhairle an Choiste a lorg maidir le feidhm an cheanglais seo in aon chás áirithe, iarrtar ar chomhaltaí a chur in iúl don Choiste a luaithe agus is féidir go bhfuil comhairle den sórt sin ag teastáil. Déanfaidh an Coiste dian-iarracht comhairle den sórt sin a thabhairt chomh luath agus is féidir.

Maidir le comhalta a lorgaíonn comhairle agus nach bhfaigheann an chomhairle roimh an óráid nó an vóta lena mbaineann,

- a) i gcás óraíde, dearbhóidh sé nó sí sna himeachtaí lena mbaineann go ndearnadh an iarraidh agus ar an gcomhairle a fháil, tabharfaidh sé nó sí cóip di do Chléireach na Dála nó do Chléireach an Choiste, de réir mar is cuí, agus
- b) i gcás vótáil, déanfaidh sé nó sí an iarraidh ar chomhairle a dhearbú i scríbhinn agus tabharfaidh sé nó sí do Chléireach na Dála nó do Chléireach an Choiste, de réir mar is cuí, dearbhú i scríbhinn den chomhairle nuair a fhaightear é.

\* Má tá amhras ar chomhalta cibé acu a leagadh a ráiteas maidir le leasanna inchláraithe faoi bhráid an Tí, is cóir dearbhú a dhéanamh de réir (i) nó (ii) thuas, de réir mar is iomchuí.

## Gníomhartha sonraithe

Gníomh sonraithe is ea gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d’Acht 2001. Chun bheith ina ghníomh sonraithe ní mór don ghníomh nó don neamhghníomh, nó d’imthosca an ghnímh nó an neamhghnímh:

1. (a) a bheith ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist,

nó

- (b) a bheith ar neamhréir le muinín i gcomhlíonadh den sórt sin ag an bpobal i gcoitinne a choinneáil,

agus

2. a bheith ina ní a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis.

Ní mór duit a choimeád i d’aighe go bhféadfadh gníomhartha nó neamhghníomhartha ar do thaobhsa a bheith ann a d’fhéadfaí a mheas ina leith, cé nach bhfuil siad neamhdhleathach, go bhfuil siad ar neamhréir iontu féin nó ina gcomhthéacs maidir le d’fheidhmeanna agus do dhualgais mar chomhalta a chomhlíonadh go cuí, nó le do chumhachtaí mar chomhalta a fheidhmiú go cuí, nó le muinín ag an bpobal i gcoitinne a choinneáil i gcomhlíonadh nó i bhfeidhmiú den sórt sin.

Agus cinneadh á dhéanamh i dtaobh an ní lena ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí é ní, is cóir do chomhaltaí a thabhairt dá n-aire go bhfuil an treoir in alt 4(5)(b) d’Acht 2001 ann chun na dálaí a aithint a fhágann nach foláir a rá gur ní é, i gcás go measann an Coiste gur cuí déanamh amhlaidh, lena ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí, i.e. maidir le tairbhe a líomhnaítear a bheith faighte ag duine sonraithe nó ag duine bainteach, gur lú é, nó go bhféadfaí a bheith ag súil leis gur lú é, ná €12,697.00, i dtuairim an Choiste. Ní chóir an t-alt seo a fhorléiriú, áfach, mar ní a chiallaíonn nach bhféadfaí, maidir le nithe ar lú a luach ná €12,697.00, a mheas gur nithe iad lena ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí. Ní mór don Choiste féachaint do “na himthosca uile” le linn dó cinneadh a dhéanamh i dtaobh an ní lena ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí é ní, agus maidir leis seo is teorainn tháscach seachas chinnitheach an teorainn airgeadaíochta €12,697.00 nuair a chinntear cé acu is ní lena ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí é ní.

Is féidir gur mhian le Comhalta a bheith ar an eolas go mbaineann na gearáin is minice a fhaigheann an Coiste le mí-úsáid a líomhnaítear a bhaintear as clúdaigh litreach réamhíochta an Oireachtais. Sa chomhthéacs seo cuirtear in iúl do Chomhaltaí go gcuirtear saoráidí saorphoist ar fáil dóibh ina gcáil mar Chomhaltaí den Oireachtais agus i dtaca lena ndualgais mar ionadaithe poiblí.

Tá samplaí sa liosta neamhchuisitheach thíos d’úsáid mhíchuí a d’fhéadfadh comhaltaí a bhaint as clúdaigh litreach réamhíochta:

- (i) comhalta do dheonú clúdaigh litreach réamhíochta do phearsa aonair, do ghrúpa nó d’eintiteas;
- (ii) clúdaigh litreach réamhíochta a úsáid le haghaidh críocha príobháideacha tráchtála;
- (iii) clúdaigh litreach réamhíochta a úsáid le haghaidh críocha toghcháin;
- (iv) clúdaigh litreach réamhíochta arna n-úsáid ag aon duine seachas an Comhalta lena mbaineann nó duine atá ag cabhrú go díreach leis nó léi a dhualgais nó a dualgais

mar ionadaí poiblí a chomhlíonadh;

- (v) clúdaigh litreach réamhíoctha a úsáid chun airgead a thiomsú do pháirtí
- (vi) clúdaigh litreach réamhíoctha arna n-úsáid ag comhalta chun airgead a thiomsú; nó comhalta do dheonú cuid dá liúntas le haghaidh clúdaigh litreach réamhíoctha nó é go léir do pháirtí polaitiúil, do chomhalta den Oireachtas nó d'aon chomhlacht eile.

## **Deimhnithe Imréitigh Cánach agus Dearbhuithe Reachtúla chun críocha Toghcháin**

I dteannta an ráitis maidir le leasanna inchláráithe, ceanglaítear ort freisin, nach faide ná naoi mí i ndiaidh do thofa chun na Dála, Deimhniú Imréitigh Cánach cuí (a eisíodh duit nach faide ná 9 mí roimh, agus nach faide ná 9 mí tar éis, dháta an toghcháin) nó ráiteas iarratais (a eisíodh duit agus nach ndearnadh nach faide ná 9 mí roimh, agus nach faide ná 9 mí tar éis, dháta an toghcháin), a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí.

Ina theannta sin, ceanglaítear ar Chomhaltaí (aon mhí amháin roimh thoghchán nó aon mhí amháin ina dhiaidh) Dearbhú Reachtúil mar a leagtar amach in Alt 21 d'Acht 2001 a dhéanamh. Ní mór don Dearbhú a bheith sa chéill, tráth déanta an dearbhaithe, go bhfuil tú, mar is fearr is eol duit agus mar a chreideann tú, ag déanamh de réir na n-oibleagáidí sonraíthe (i.e. maidir le gan cháin, ús nó pionós a cheanglaítear ort a íoc nó a chur ar aghaidh chuig na Coimisinéirí Ioncaim faoi na hAchtanna éagsúla dá dtagraítear san alt, agus maidir le haon tuairisceáin a cheanglaítear a dhéanamh faoi na hAchtanna) agus nár choisc aon ní in alt 21(2) ar dheimhniú imréitigh cánach a eisiúint duit.

Ní mór freisin an Dearbhú Reachtúil a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeán in Oifigí Poiblí tráth nach faide ná naoi mí tar éis a bheith tofa chuig Dáil Éireann.

Má sháraíonn tú an t-alt seo (i.e. alt 21) ní mór duit '*chomh luath agus is féidir*' deimhniú imréitigh cánach a eisíodh duit laistigh den mhí sin nó dearbhú reachtúil a rinneadh laistigh den mhí sin á rá, tráth déanta an dearbhaithe, go bhfuil tú ag comhlíonadh Acht 2001 a thabhairt do CCOP.

**Tabhair do d'aire nach n-eascraíonn an ceanglas thuas ach amháin ar thoghchán. Ní eascraíonn sé go bliantúil.**

## Foscrbhinn 1 – Mínithe

Sa liosta thíos tá rogha mínithe a sholáthraítear sna hAchtanna um Eitic (seachas i gcás go luaitear a mhalairt go sonrach) agus dá dtagraítear sna treoirínte. Ba cheart duit na hAchtanna um Eitic a cheadú le haghaidh liosta mínithe is cuimsithí.

ciallaíonn **“eolas iarbhír”** eolas atá iarbhír, díreach agus pearsanta, ar leith ó eolas atá inchiallaithe, intuigthe nó inbharúilte, agus folaíonn sé, i ndáil le fíoras, creidiúint gurb ann dó ar de chineál iad na forais le creidiúint amhlaidh nach bhféadfadh duine réasúnach atá feasach orthu a bheith in amhras gurb ann don fhíoras nó gan a chreidiúint gurb ann dó;

ráiteas is ea **“ráiteas iarratais”** a eisiúint an tArd-Bhailitheoir do chomhalta lena ndearbhaítear go bhfuil iarratas déanta ag an duine chuige nó chuici chun deimhniú imréitigh cánach a eisiúint agus nach bhfuil cinneadh déanta ar an iarratas. Ní eiseofar ráiteas den sórt sin ach amháin i gcás go ndearna duine iarratas ar dheimhniú imréitigh cánach agus (a) nach mbeidh breith tugtha ag an Ard-Bhailitheoir i dtaobh deimhniú den sórt sin a eisiúint nó diúltú é a eisiúint, nó (b) gur dhiúltaigh an tArd-Bhailitheoir deimhniú den sórt sin a eisiúint agus go bhfuil an diúltú ina ábhar d’achomharc nó d’achomharc breise faoi alt 1094(7) den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 (arna chur chun feidhme le fo-alt 25(4)), nach mbeidh breith tugtha air,

folaíonn **“sochar”**-

- (a) ceart, pribhléid, oifig nó dínit agus aon staonadh ó airgead nó luach airgid nó rud luachmhar a éileamh,
- (b) aon chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar nó aon chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar dúmais,
- (c) aon bhronntanas, iasacht, táille, luaíocht nó rud eile a dúradh a gheallúint nó a fháil, nó comhaontú nó iarracht a dhéanamh chun an céanna a fháil, nó a thabhairt le tuiscint go bhfuil súil leis an gcéanna,

nó buntáiste eile agus cailteanas, dliteanas, pianbhreith, forghéilleadh, pionós nó míbhuntáiste eile a sheachaint;

ciallaíonn **“páirtnéir sibhialta”** i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí, 2010 ach ní fholáíonn sé páirtnéir sibhialta a chónaíonn ar leith ón duine; “Chun críocha an Achta seo, is páirtnéir sibhialta ceachtar de bheirt den ghnéas céanna (a) ar páirtithe iad i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta nár díscáoileadh nó nach ábhar d’fhoraithe neamhnithe, nó (b) ar páirtithe iad i gcaidreamh dlíthiúil d’aicme is ábhar d’ordú arna dhéanamh faoi alt 5 agus nár díscáoileadh nó nach ábhar d’fhoraithe neamhnithe” (Alt 3, an tAcht um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de Chuid Comhchónaitheoirí, 2010).

ciallaíonn **“praghas tráchtála”**, i ndáil le maoin a sholáthar, cibé acu réadach nó pearsanta, nó seirbhís a sholáthar, agus

ciallaíonn **“comaoin tráchtála”**, i ndáil le maoin a thabhairt ar iasacht -

- (a) i gcás go seolann an duine a dhéanann an mhaoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó an tseirbhís a sholáthar, gnó arb éard é go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís a sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle a ghearrann sé nó sí ar mhéid combhionann maoine den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht i ngnáthchúrsa gnó nó ar sholáthar seirbhíse den chineál céanna agus a mhéid céanna (agus lamháil á déanamh maidir le haon lascaine a thugann sé nó sí de ghnáth i leith maoine den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth nó thart faoin tráth a rinneadh an soláthar maoine céadluaite nó a tugadh an iasacht maoine chéadluaite nó a rinneadh an soláthar seirbhíse céadluaite, agus
- (b) i gcás nach seolann an duine a dhéanann an mhaoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó an tseirbhís a sholáthar, gnó arb éard é go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle ar a bhféadfaí méid combhionann maoine den chineál céanna a cheannach nó a thógáil ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna agus a mhéid céanna a fháil i ngnáthchúrsa gnó (agus lamháil á déanamh maidir le haon lascaine a thugtar de ghnáth i leith maoine den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth nó thart faoin tráth a rinne duine a sheolann gnó den sórt sin an soláthar maoine céadluaite nó a thug sé nó sí an iasacht maoine chéadluaite nó a rinne sé nó sí an soláthar seirbhíse céadluaite;

ciallaíonn **“cuideachta”** aon chomhlacht corpraithe;

**“duine bainteach”**: Meastar baint a bheith ag duine le duine eile sna cásanna seo a leanas:

- (i) más gaol de chuid an duine eile an duine sin;
- (ii) más comhpháirtí gnó de chuid an duine eile an duine sin;
- (iii) más iontaobhaí iontaobhais an duine sin i gcás gur tairbhí den iontaobhas an duine eile, nó aon duine dá leanaí, nó comhlacht corpraithe atá faoina rialú aige nó aici;
- (iv) tá baint ag cuideachta le duine eile má tá sí faoina rialú aige nó aici, nó má tá sí faoina rialú ag an duine sin agus ag aon duine atá bainteach leis an duine sin le chéile;
- (v) maidir le haon bheirt nó níos mó daoine a ghníomhaíonn le chéile chun rialú ar chuideachta a áirithiú nó a fheidhmiú, measfar, i ndáil leis an gcuideachta sin, gur daoine iad a bhfuil baint acu lena chéile agus le haon duine a ghníomhaíonn ar ordacháin ó aon duine acu chun rialú ar an gcuideachta a áirithiú nó a fheidhmiú.

D’fhonn nithe a bhaineann le heitic agus le heasaontachtaí leasanna faoi aon rialú dlí nó aon achtachán a chinneadh maidir le duine, aon tagairt do “duine bainteach” nó do “gaol bainteach” leis an duine sin, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn páirtneír sibhialta an duine agus leanbh pháirtneír sibhialta an duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi leis an duine agus leis an bpáirtneír sibhialta.

tá le **“rialú”** an bhrí a shanntar dó le halt 157 den Acht Cánach Corparáide, 1976 agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin.



ciallaíonn **“stiúrthóir”** stiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, ach folaíonn sé, i gcás comhlacht poiblí nach cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) é agus a shonraítear i *bhfomhír* (8), (9), (10), (11) nó (12), nó a bheidh forordaithe chun críocha *fhomhír* (13) de *mhír 1* den *Chéad Sceideal*, duine ar comhalta de é nó í, nó ar comhalta é nó í d’aon bhord nó comhlacht eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann é, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

folaíonn **“feidhmeanna”** cumhachtaí agus dualgais agus aon tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna folaíonn siad, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d’fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas;

ciallaíonn **“bronntanas”** bronntanas airgid nó maoin eile ach ní fholáíonn sé síntiús (de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997 arna leasú);

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le cad is síntiús ann ba cheart do chomhaltaí an doiciméad a d’eisigh an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (CCOP) dar teideal *“Treoirlínte do Theachtaí Dála, Seanadóirí agus Feisirí de Pharlaimint na hEorpa”* maidir le síntiúis agus síntiúis thoirmisce a cheadú. Ina theannta sin, ba cheart do chomhaltaí na hAchtanna Toghcháin, 1992 – 2016 a cheadú lena rialaítear síntiúis agus na hoibleagáidí maidir le nochtadh ar leith a eascraíonn faoin reachtaíocht sin. Féadfaidh comhalta comhairle a lorg freisin ar CCOP maidir le síntiúis.

folaíonn **“tabhair ar iasacht”** léasú nó ligean agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

ciallaíonn **“maoin”** maoin réadach nó phearsanta. [measfar leas a bheith ag duine i maoin más rud é go measfaí, chun críocha an Achta um Cháin Fháiltas Caipitiúil, 1976, an chumhacht a bheith aige nó aici an leas sin a dhiúscairt.];

ciallaíonn **“dáta clárúcháin”**, i ndáil le Dáil Éireann agus lena cuid comhaltaí agus lena Cléireach-

- (i) 31 Nollaig nó, i gcás go mbeidh Dáil Éireann ar lánscor ar an dáta sin, an dáta a bheidh 30 lá tar éis dháta an chéad chruinnithe de Dháil Éireann tar éis an 31 Nollaig.

ciallaíonn **“gaol”** i ndáil le duine, deartháir, deirfiúr, tuismitheoir nó céile an duine nó leanbh de chuid an duine nó de chuid an chéile;

ciallaíonn **“stiúrthóireacht fholaitheach”** an post a bheidh á shealbhú ag duine is stiúrthóir folaitheach de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, nó i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) agus a shonraítear i *bhfomhír* (8), (9), (10), (11) nó (12), nó a bheidh forordaithe chun críocha *fhomhír* (13) de *mhír 1* den *Chéad Sceideal* (a ghabhann leis an Acht), an post a bheidh á shealbhú ag duine ar gnách le comhaltaí an chomhlachta nó le comhaltaí an bhoird nó an chomhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an comhlacht sin gníomhú de réir teoracha nó ordachán uaidh nó uaidhi.

ciallaíonn **“gníomh sonraithe”** gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d’Acht 2001. Ciallaíonn gníomh sonraithe ag comhalta gníomh nó neamhghníomh arna dhéanamh aige nó aici, maidir le himthosca an chéanna, gur imthosca iad de chineál a bheidh ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist aige nó aici nó le muinín an phobail i gcoitinne sa chomhlíonadh sin a choinneáil; agus gur ní é a ngabhann tábhacht shuntasach phoiblí leis. Folaíonn gníomh sonraithe ag comhalta freisin gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d’Acht 2001 arna dhéanamh ag duine a mheastar, de bhun an Achta, gur duine é nó í atá bainteach leis an gcomhalta.

Ní mheasfar an méid thuasluaite a bheith ina ghníomh sonraithe, áfach más rud é—

(a) go mbaineann sé le ní príobháideach agus nach bhfuil baint aige le feidhmeanna na hoifige ná an phoist a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine den sórt sin faoina threoir nó faoina treoir, nó

(b) go dtagann sé as neamhinniúlacht nó neamhéifeachtúlacht maidir le feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, nó as mainneachtain feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, ar thaobh an duine shonraithe. (féach a.4(2) d’Acht 2001)

ní fholaíonn **“céile”**, i ndáil le duine, céile atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh ón duine agus scartha uaidh nó uaithi;

ciallaíonn **“luach”**, i ndáil le bronntanas, an praghas a gheofaí ar an maoin is ábhar don bhronntanas dá ndíolfaí ar an margadh oscailte í ar an dáta a tugadh an bronntanas ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas ab fhéarr ar an maoin don díoltóir, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin.

## FOSCRÍBHINN 2 – CÓD IOMPAIR LE HAGHAIDH CHOMHALTAÍ DHÁIL ÉIREANN SEACHAS SEALBHÓIRÍ OIFIGE

### RÉAMHRÁ

Déanann Comhaltaí Dháil Éireann seachas sealbhóirí oifige (dá ngairtear 'Comhaltaí' ina dhiaidh seo) a aithint gurb é a leas aonair agus comhchoiteann é muinín agus iontaoibh an phobail as a n-ionracas mar phearsana aonair, agus as Dáil Éireann mar fhoras, a chothú agus a bhuanú. Chun na críche seo, ba cheart do Chomhaltaí gníomhú faoi threoir na maitheasa poiblí i gcónaí agus a chinntiú i gcónaí gur ar mhaithe le leas an phobail a dhéanann siad a gcuid gníomhartha agus cinntí.

Cás ar leith é cás na gComhaltaí sa mhéid go bhfuil siad cuntasach do na toghthóirí agus gurb iad na toghthóirí a dhéanann an bhreith chríochnaitheach ar a n-iompar agus é de cheart ag toghthóirí iad a chur as oifig i dtoghcháin a dhéantar go tráthrialta. Dá réir sin, agus ó thaobh prionsabail de, níl Comhaltaí aonair freagrach dá gcomhghleacaithe as a n-iompar, ach amháin i gcás ina líomhnaítear gur sárú é an t-iompar sin ar na hoibleagáidí a bheith freagrach dá gcomhghleacaithe a chuirtear ar Chomhaltaí le dlí, leis na Buan-Orduithe nó le Cóid Iompair arna mbunú ag an Teach.

Chun na críche seo agus i bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar le hAirteagal 15.10 den Bhunreacht, ghlac na Comhaltaí leis an gCód Iompair seo, arb é an cuspóir atá leis cuidiú le Comhaltaí i gcomhlíonadh a n-oibleagáidí don Teach, do na daoine ina ndáilcheantair agus don phobal i gcoitinne, agus, san am céanna, gan baint le réimsí inar córa do Chomhaltaí iad féin a chur faoi bhráid bhreith a dtoghthóirí seachas faoi bhráid dhlínse an Tí seo.

### AN CÓD

1. Ní foláir do Chomhaltaí, de mheon macánta, iarracht a dhéanamh an iontaoibh a chuireann an pobal iontu a chaomhnú, agus an tionchar is féidir leo a imirt mar gheall ar a gcomhaltas de Dháil Éireann a fheidhmiú ar shlí a chuirfidh le leas an phobail.
2. Ní foláir do Chomhaltaí iad féin a iompar de réir fhorálacha agus spiorad an Chóid Iompair agus a chinntiú nach ndéanfaidh a n-iompar míchlú mór a tharraingt ar ionracas a n-oifige nó na Dála.
3. (i) Tá oibleagáid ar leith ar Chomhaltaí iad féin a iompar ar shlí atá i gcomhréir lena róil mar ionadaithe poiblí agus mar reachtóirí, ach amháin i gcás agóid choinsiasa dhlísteanaigh inchosanta a bheith i gceist.  
(ii) Ní foláir do Chomhaltaí plé le húdaráis atá ag gabháil do riarachán poiblí agus don dlí a chur i bhfeidhm ar shlí atá i gcomhréir lena róil mar ionadaithe poiblí agus mar reachtóirí.
4. (i) Ní foláir do Chomhaltaí a n-iompar a bhunú ar thuiscint do leas an phobail agus tá gach Comhalta ar leith acu cuntasach as easaontachtaí leasa a chosc.  
(ii) Ní foláir do Chomhaltaí féachaint lena ngnóthaí airgeadais príobháideacha a eagrú ionas nach dtiocfaidh easaontachtaí leasa den sórt sin chun cinn agus gach beart réasúnach a dhéanamh chun aon easaontacht den sórt sin a réiteach

go tapa agus ar an tslí is fearr a dhéanfaidh leas an phobail.

5. (i) Bíonn easaontacht leasa ann i gcás ina nglacann Comhalta páirt i gcinneadh a dhéanamh, nó ina ndéanann Comhalta cinneadh, i bhfeidhmiú a oifige nó a hoifige dó nó di agus a fhios aige nó aici go gcuirfidh an cinneadh go míchóir agus go míhacánta lena leas airgeadais príobháideach nó le leas airgeadais príobháideach duine eile go díreach nó go neamhdhíreach.
- (ii) Ní bhíonn easaontacht leasa ann i gcás nach ndéantar sochar do Chomhalta nó do dhuine eile ach amháin mar dhuine den phobal i gcoitinne nó mar dhuine d'aicme leathan daoine.
6. Ní ceadmhach do Chomhaltaí aon sochar nó brabús airgeadais a shireadh, a ghlacadh nó a fháil as aon Bhille nó tairiscint le haghaidh rúin nó ordaithe a chur chun cinn nó as vótáil ar aon cheann den chéanna nó as aon cheist a bheidh curtha chuig an Dáil nó chuig aon cheann dá coistí.
7. Ní foláir do Chomhaltaí ceanglais na Dála agus an dlí maidir le clárú agus dearbhú leasanna a chomhall go coinsiasach agus, chun cuidiú leo déanamh amhlaidh, is cóir dóibh iad féin a chur ar an eolas faoin reachtaíocht agus faoi na treoirlínte iomchuí a fhoilsíonn an Coiste um Leasanna Comhaltaí agus an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, de réir mar is cuí, ó am go ham.
8. (i) Ní ceadmhach do Chomhaltaí glacadh le bronntanas a d'fhéadfadh a bheith ina údar le heasaontacht leasa nó a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmiú macánta neamhchlaonta a ndualgas oifigiúil.
- (ii) Is ceadmhach do Chomhaltaí glacadh le bronntanais theagmhasacha agus le hoineach gnásúil.
9. I gcomhlíonadh a ndualgas oifigiúil dóibh, ní foláir do Chomhaltaí acmhainní poiblí a chur chun feidhme go stuama agus gan iad a chur chun feidhme ach amháin le haghaidh na gcuispóirí ar lena n-aghaidh a ceapadh iad.
10. Ní ceadmhach do Chomhaltaí úsáid a bhaint as faisnéis oifigiúil nach bhfuil teacht ar an bpobal uirthi, ná as faisnéis a fhaightear faoi rún i gcúrsa a ndualgas oifigiúil, ar mhaithe le gnóthachtáil phearsanta nó ar mhaithe le gnóthachtáil phearsanta daoine eile.
11. Ní foláir do Chomhaltaí comhoibriú le gach Binse Fiosrúcháin agus le gach comhlacht eile a bheidh ag fiosrú nithe lena bhfuil tábhacht phoiblí agus a bheidh bunaithe ag Tithe an Oireachtais.